C/2025/3206

6.6.2025

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2025/3206)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Thermenregion'

PDO-AT-A0229-AM02 — 14.3.2025

1. **Ainm an táirge**

'Thermenregion'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☒ Ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint (ATFC)

☐ Tásc geografach faoi chosaint (TGFC)

☐ Tásc geografach (TG)

3. **Earnáil**

☐ Táirgí talmhaíochta

☒ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

An Ostair

5. **Údarás an Bhallstáit a bhfuil an leasú caighdeánach á chur in iúl aige**

Bundesministerium für Land- und Forstwirtschaft, Regionen und Wasserwirtschaft [An Aireacht Chónaidhme Talmhaíochta agus Foraoiseachta, Réigiún agus Bainistithe Uisce]

6. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

1. *Athruithe ar na cineálacha fíona a d'fhéadfadh a bheith ann*

Mar chuid den leasú ar an tsonraíocht, leagadh amach na cineálacha as an nua faoi na catagóirí *Gebietswein* [fíon réigiúnach], *Ortswein* [fíon ó shráidbhaile nó ó bhardas ar leith] agus *Riedenwein* [fíon ó fhíonghort aonair atá sainithe de réir dlí].

Ní dhéanann an t-athshainiú sin ar na cineálacha difear d'ainm ná do chatagóir ATFC Thermenregion. Tá an nasc leis an limistéar mar a bhí roimhe seo freisin, ós rud é go bhfuil na cineálacha uile á bhfás i limistéar ATFC Thermenregion ar feadh i bhfad. Thairis sin, níor forchuireadh aon srian ar fhíon ATFC Thermenregion a chur ar an margadh. Dá bhrí sin, is leasú caighdeánach é an leasú ar an tsonraíocht.

Ba cheart an doiciméad aonair a leasú freisin, ós rud é go leagtar amach ann na cineálacha a fhéadfar a úsáid chun fíon ATFC Thermenregion a dhéanamh.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

2. *Rialacha breise maidir le lipéadú*

Leis an leasú ar an tsonraíocht, leagtar síos rialacha maidir le clómhéid na sonraí ar an lipéad (cineál, ATFC, téarmaí traidisiúnta, etc.). Ós rud é nach dtagann sé sin faoi aon cheann de na critéir a leagtar amach in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143, is leasú caighdeánach é an leasú. Ba cheart na rialacha a áireamh sa doiciméad aonair faoi phointe 9 – 'Coinníollacha fíor-riachtanacha breise (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)'.

3. *Soiléiriú ar na forálacha maidir le buidéalú agus táirgeadh*

Táirgeadh: Faoi Acht na hOstaire um Fhíon, is féidir fíonta ATFC a tháirgeadh lasmuigh den limistéar fíonsaothrúcháin de ghnáth, rud a chiallaíonn go mbaineann an Ostair úsáid go ginearálta as an maolú dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (AE) 2019/33. Leasaíodh an tsonraíocht le haghaidh ATFC Thermenregion chun a shonrú anois freisin nach mór fógra a thabhairt do Choiste Réigiúnach um Fhíon Thermenregion faoi tháirgeadh lasmuigh den limistéar fíonsaothrúcháin agus nach mór an fíon a dhéanamh ag áitreabh táirgeora i limistéir fíonsaothrúcháin ATFC Niederösterreich nó Wien (go geografach tá limistéar ATFC Thermenregion mar chuid de limistéar ATFC Niederösterreich agus tá teorainn aige le limistéar ATFC Wien).

Buidéalú: Níor bunaíodh aon srian. Ní mór fógra a thabhairt don Choiste Réigiúnach um Fhíon faoi bhuidéalú lasmuigh den limistéar fíonsaothrúcháin.

Ní chuireann na coinníollacha sin ná na ceanglais maidir le fógra a thabhairt srian ar fhíon ATFC Thermenregion a chur ar an margadh agus dá bhrí sin is leasú caighdeánach iad. Ba cheart iad a áireamh sa doiciméad aonair faoi phointe 9 – 'Coinníollacha fíor-riachtanacha breise (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)'.

4. *Forálacha maidir le haonaid gheografacha níos lú a úsáid ar an lipéad*

Leis an leasú ar an tsonraíocht, is féidir tagairt a dhéanamh d'aonaid gheografacha atá níos lú ná an limistéar atá i gceist le ATFC Thermenregion, agus ar an gcaoi sin úsáid a bhaint as na féidearthachtaí dá bhforáiltear in Airteagal 55 de Rialachán (AE) 2019/33. Ós rud é nach dtagann sé sin faoi aon cheann de na critéir a leagtar amach in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143, is leasú caighdeánach é an leasú. Liostaítear ainmneacha na n-aonad geografach sa tsonraíocht agus ba cheart iad a áireamh freisin sa doiciméad aonair faoi phointe 9 – 'Coinníollacha fíor-riachtanacha breise (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)'.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

Thermenregion

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC — Ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

1. Fíon

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

— 22 — DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

2204 — Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

4. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

1. Fíon Thermenregion (i bhfoirm *Gebietswein* [fíon réigiúnach])

Táirgtear fíon ATFC Thermenregion as na cineálacha fíniúna seo a leanas a úsáidtear chun *Qualitätswein* [fíon ar ardchaighdeán] a dhéanamh: Rotgipfler, Zierfandler, Weißburgunder, Grauburgunder, Chardonnay, Neuburger, Blauburgunder, St. Laurent, Blauer Portugieser, Zweigelt. Ceadaítear cumasc le cineálacha eile a úsáidtear chun *Qualitätswein* a tháirgeadh fad is nach ndéanann sé dochar don ainmniúchán. Féadfar fíonchaora ó limistéir a liostaítear i gclár na bhfíonghort lena ngabhann an ráiteas '*Gemischter Satz*' [cumasc goirt] a úsáid freisin.

Is iad seo a leanas saintréithe an fhíona:

Gebietswein (gan áiteanna tionscnaimh níos lú): Táirgtear na fíonta sin ó na cineálacha fíniúna seo a leanas a úsáidtear chun *Qualitätswein* a dhéanamh: Rotgipfler, Zierfandler, Weißburgunder, Grauburgunder, Chardonnay, Neuburger, Blauburgunder, St. Laurent, Blauer Portugieser, Zweigelt.

Is é 12,0 % ar a laghad an neart alcóil de réir toirte (a léirítear ar an lipéad).

Ní mór an méid siúcra neamhchoipthe a bheith comhfhreagrach don téarma 'tirim'.

Ní cheadaítear fíon *rosé* ná *Gleichgepresster* [fíon *rosé* 'luathbhrúite'] a tháirgeadh.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 12,0

— Aigéadacht iomlán íosta: 4 ghram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 18

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): 250

2. Fíon Thermenregion (i bhfoirm *Riedenwein*)

Táirgtear ***Riedenwein*** [fíon a bhfuil ainm fíonghoirt aonair atá sainithe de réir dlí ar a lipéad] as ceann amháin nó as cumasc de na cineálacha fíniúna seo a leanas: Rotgipfler, Zierfandler, Weißburgunder, Chardonnay, Blauer Burgunder, St. Laurent. Ceadaítear cumasc le cineálacha eile a úsáidtear chun *Qualitätswein* a dhéanamh fad is nach ndéanann sé dochar don ainmniúchán. Ní cheadaítear fíon *rosé* ná *Gleichgepresster* a tháirgeadh.

Is é 12,5 % ar a laghad an neart alcóil de réir toirte (a léirítear ar an lipéad).

Ní mór an méid siúcra neamhchoipthe a bheith comhfhreagrach don téarma 'tirim' i gcás fíon geal agus níor cheart é a bheith níos mó ná 4 g/l i gcás fíon dearg.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 12,5

— Aigéadacht iomlán íosta: 4 ghram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 18

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): 250

3. Fíon Thermenregion (i bhfoirm *Ortswein*)

Táirgtear ***Ortswein*** [fíon a bhfuil ainm sráidbhaile nó bardais ar a lipéad] as ceann amháin nó as cumasc de na cineálacha fíniúna seo a leanas: Rotgipfler, Zierfandler, Weißburgunder, Grauburgunder, Chardonnay, Blauburgunder, St. Laurent, Zweigelt. Ceadaítear cumasc le cineálacha eile a úsáidtear chun *Qualitätswein* a dhéanamh fad is nach ndéanann sé dochar don ainmniúchán. Ní cheadaítear fíon *rosé* ná *Gleichgepresster* a tháirgeadh.

Is é 12,0 % ar a laghad an neart alcóil de réir toirte (a léirítear ar an lipéad).

Ní mór an méid siúcra neamhchoipthe a bheith comhfhreagrach don téarma 'tirim'.

Ní féidir iarratais ar uimhir seiceála cáilíochta oifigiúil a chur ar aghaidh roimh an 1 Márta sa bhliain tar éis na buana.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 12

— Aigéadacht iomlán íosta: 4 ghram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 18

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): 250

4. Fíon Thermenregion (i bhfoirm *Ortswein*) ar a bhfuil na téarmaí traidisiúnta 'Auslese', 'Beerenauslese' nó 'Trockenbeerenauslese'

A mhéid a bhaineann le cineálacha, tá feidhm ag na forálacha maidir le *Ortswein*.

Féadfar an fíon a chur ar an margadh leis na téarmaí traidisiúnta 'Auslese', 'Beerenauslese' nó 'Trockenbeerenauslese'. Sa chás sin, tá feidhm ag na coinníollacha a leagtar síos le haghaidh na dtéarmaí traidisiúnta sin (neart alcóil, siúcra iarmharach, etc.).

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 5

— Aigéadacht iomlán íosta: 4 ghram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 40

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): 400

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

1. *Fíon Thermenregion*

Srian ábhartha ar dhéanamh na bhfíonta

Na cleachtais fhíoneolaíocha uile dá bhforáiltear i Rialacháin (AE) 2019/934 agus 2019/935 le haghaidh fíon ar a bhfuil ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint, údaraítear iad le haghaidh an ATFC 'Thermenregion', cé is moite de chóireáil le sorbáit photaisiam nó décharbónáit démheitile. Is féidir na fíonta a dhí-aigéadú i gcomhréir leis na Rialacháin sin. Cinneann an tAire Cónaidhme Talmhaíochta agus Foraoiseachta, Réigiún agus Bainistíochta Uisce an gceadófar aigéadú ar bhonn na ndálaí aimsire le linn an tséasúir fáis. Sa chás sin, rialaítear na coinníollacha maidir le haon aigéadú leis na Rialacháin thuasluaite.

Ní mór meachan úrfhíona íosta 15 °KMW a bheith i sú na bhfíonchaor ar Scála Meachan Úrfhíona Klosterneuburg (= 9,5 % de réir toirte).

Féadfar an neart alcóil nádúrtha a mhéadú suas le 2 % toirte ar a mhéad (nó 2,5 % toirte i gcás dálaí aimsire neamhfhabhracha agus tar éis údarú a fháil ón Aire Cónaidhme Talmhaíochta agus Foraoiseachta, Réigiún agus Bainistíochta Uisce) trí shiúcrós, úrfhíon fíonchaor tiubhaithe nó úrfhíon fíonchaor tiubhaithe coigeartaithe nó trí thiúchan páirteach a chur leis.

Níor cheart an méid siúcra neamhchoipthe i ngraim in aghaidh an lítir a bheith níos mó ná an aigéadacht intoirtmheasctha i ngraim in aghaidh an lítir.

2. *Fíon Thermenregion (i bhfoirm Ortswein) ar a bhfuil na téarmaí traidisiúnta 'Auslese', 'Beerenauslese' nó 'Trockenbeerenauslese'*

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Tá feidhm ag na cleachtais fhíoneolaíocha a leagtar síos le haghaidh fíonta ar a bhfuil na téarmaí traidisiúnta 'Auslese', 'Beerenauslese' nó 'Trockenbeerenauslese'.

5.2. *Uastáirgeacht*

1. Fíon Thermenregion (i bhfoirm *Gebietswein* nó *Ortswein*)

10 000 cileagram d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

2. Fíon Thermenregion (i bhfoirm *Riedenwein*)

6 000 cileagram d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Cumhdaíonn an ATFC 'Thermenregion' cathair Wiener Neustadt agus ceantair pholaitiúla Baden, Mödling, Neunkirchen agus Wiener Neustadt san Ostair Íochtarach.

7. **Cineál (nó cineálacha) fíonchaor**

Blauer Burgunder – Blauer Spätburgunder, Blauburgunder, Pinot Noir

Blauer Portugieser

Chardonnay – Morillon

Grauer Burgunder – Grauburgunder, Pinot Gris, Ruländer

Neuburger

Rotgipfler

St. Laurent

Weißer Burgunder – Weißburgunder, Pinot Blanc, Klevner

Zierfandler – Spätrot

Zweigelt – Blauer Zweigelt, Rotburger

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)**

Síneann limistéar fíonsaothrúcháin Thermenregion ó dheas de Vín, thar chnocraon arb é Anninger an bhinn is airde ann, ó dheas de Baden. Is éard atá i substráit an limistéir fíonsaothrúcháin sin ithreacha aolchloiche donna troma, gainmheacha, dúrabháin, agus go minic clochacha freisin, agus ithreacha cailceacha gairbhéil. Is saintréith den limistéar iad na codarsnachtaí sin in ithreacha fíonghoirt. Tá ithreacha troma agus uaireanta an-chailceach na bhfánaí sa chuid thiar thuaidh an-oiriúnach do tháirgeadh fíona ghil, go háirithe fíonta a dhéantar as cineálacha fíniúna Gumpoldskirchen traidisiúnta Zierfandler, Rotgipfler agus Neuburger. Mar sin féin, is féidir leo fíonta suimiúla Weißburgunder agus Chardonnay a tháirgeadh freisin. Cé is moite de na ceantair táirgthe fíona dheirg Sooß agus Bad Vöslau, is iad bardas Tattendorf agus na sráidbhailte fíonsaothrúcháin máguaird, ina bhfuil ithreacha loma gairbhéil, an príomhlimistéar táirgeachta le haghaidh fíonta dearga ar ardchaighdeán. Cosnaíonn Wienerwald réigiún Thermenregion ar na gaotha fuara aduaidh. Bíonn meánteocht bhliantúil nach mór 10 °C ann, titeann 650 mm báisteach ann in aghaidh na bliana agus bíonn 1 800 uair an chloig gréine ann in aghaidh na bliana. Baineann geimhrí sách fuar agus samhraí tirime teo leis an aeráid.

Is iad gnólachtaí fíonóireachta teaghlaigh saintréithe an struchtúir táirgthe i limistéar fíonsaothrúcháin Thermenregion, a phróiseálann fíonchaora óna dtáirgeadh féin den chuid is mó agus, i roinnt mhaith cásanna, a dhíolann go díreach óna bhfeirmeacha freisin. Tá nasc láidir idir an t-ardleibhéal turasóireachta agus tionscal an fhíona. Cé is moite de na gabháltais teaghlaigh, tá roinnt gnóthas mór (fíonlanna agus comharchumainn fíonóireachta) ann freisin.

Treoraítear na fíniúnacha beagnach go heisiach trí úsáid a bhaint as an gcóras treoraithe *Hochkultur* [ardchultúr], ar fhrámaí sreinge.

9. **Coinníollacha fíor-riachtanacha breise (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Faoi Acht na hOstaire um Fhíon, ní fhéadfar fíon an ATFC 'Thermenregion' a chur ar an margadh ach amháin má tá uimhir seiceála cáilíochta oifigiúil aige [*staatliche Prüfnummer*]. Chun uimhir seiceála cáilíochta oifigiúil a fháil, ní mór tástáil anailíseach agus orgánaileipteach a dhéanamh ar shampla de gach fíon atá le cur ar an margadh leis an ATFC 'Thermenregion' (seiceáil chórasach; féach an tsonraíocht).

Sa tástáil chéadfach, déanann painéal blaiste oifigiúil, ina bhfuil seisear blastóirí agus cathaoirleach, tástáil ar na fíonta. Cuirtear samplaí gan aithint os comhair na mblastóirí. Ní áirítear ar an bhfoirm tástála ach an fhaisnéis is gá le haghaidh na meastóireachta, amhail an t-ainmniúchán traidisiúnta agus an bhliain. Baineann na blastóirí úsáid as a dtaithí agus as fíonta tagarmhairc araon chun breithiúnas a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil na fíonta a chuirtear faoina mbráid tipiciúil d'fhíonta Thermenregion agus an bhfuil siad indíolta (i.e. saor ó lochtanna). Tá feidhm ag na coinníollacha a leagtar síos le Rialachán na hOstaire maidir le Blaiseadh, Iris Oifigiúil Phoblacht na hOstaire (*BGBl.*) II Uimh. 256/2003.

Ní fhéadfar uimhir seiceála cáilíochta oifigiúil a shanntar d'fhíon ag a bhfuil an t-ainmniúchán díolacháin 'Thermenregion DAC' a úsáid ach amháin chun an fíon tástáilte a chur ar an margadh faoin ainmniúchán 'Thermenregion DAC'.

Ní mór bliain an fhíona agus an cineál fíniúna a léiriú.

Ní mór an téarma 'DAC' nó 'Districtus Austriae Controllatus' a bheith le feiceáil mar ainmniúchán díolacháin i gcomhar leis an ainm 'Thermenregion', ach ní gá go mbeadh sé ar an lipéad tosaigh. Ní mór é a bheith i gcarachtair ar a laghad leath an mhéid ach gan bheith níos mó ná iad siúd a úsáidtear le haghaidh an ainm 'Thermenregion'. Is féidir ainmneacha branda agus ainmneacha galánta a léiriú agus na hainmniúcháin atá údaraithe le haghaidh *Qualitätswein* a úsáid faoi Roinn 1 de Rialachán na hOstaire maidir le hAinmniúchán Fíona, *BGBl.* II Uimh. 111/2011. Ní mór na tásca sin a bheith i gcarachtair nach mó ná iad siúd a úsáidtear le haghaidh an ainm 'Thermenregion'. Ní cheadaítear ainmniúcháin díolacháin bhreise a úsáid, ach amháin i gcás 'Qualitätswein'. I gcás *Ortswein*, áfach, féadfar na téarmaí traidisiúnta 'Auslese', 'Beerenauslese' agus 'Trockenbeerenauslese' a úsáid freisin.

Ceadaítear *Großlagen* [láithreáin chomhchoiteanna fíonghort] a léiriú. Ní cheadaítear an limistéar fíonsaothrúcháin 'Niederösterreich' a léiriú.

Is iad seo a leanas na bardais fíonsaothrúcháin lena gcuimsítear fíonghoirt iomadúla a d'fhéadfaí a léiriú (i gcás fhíon Thermenregion i bhfoirm *Ortswein*):

1. Perchtoldsdorf: Féadfar *Ortswein* Perchtoldsdorf a dhéanamh as fíonchaora a fhástar i bhfíonghoirt atá suite sna bardais seo a leanas: Perchtoldsdorf, Brunn/Gebirge, Maria Enzersdorf agus Gießhübl.

2. Gumpoldskirchen: Féadfar *Ortswein* Gumpoldskirchen a dhéanamh as fíonchaora a fhástar i bhfíonghoirt atá suite sna bardais seo a leanas: Mödling, Gumpoldskirchen, Guntramsdorf, Pfaffstätten agus Traiskirchen (cé is moite de bhardas cadastrach Oeynhausen). Ní cheadaítear aon saibhriú le haghaidh *Ortswein* ná *Riedenwein* Gumpoldskirchen de thionscnamh na mbardas sin.

3. Tattendorf: Féadfar *Ortswein* Tattendorf a dhéanamh as fíonchaora a fhástar i bhfíonghoirt atá suite sna háiteanna seo a leanas: bardais Tattendorf, Trumau, Teesdorf, Oberwaltersdorf, Blumau, Günselsdorf agus Schönau, agus bardas cadastrach Oeynhausen in Traiskirchen.

4. Wiener Neustadt: Féadfar *Ortswein* Wiener Neustadt a dhéanamh as fíonchaora a fhástar i bhfíonghoirt atá suite sna bardais seo a leanas: Bad Fischau-Brunn, Eggendorf, Matzendorf-Hölles, Katzelsdorf, Lichtenwörth, Sollenau agus Weikersdorf.

5. Bad Vöslau: Féadfar *Ortswein* Bad Vöslau a dhéanamh as fíonchaora a fhástar i bhfíonghoirt atá suite sna bardais seo a leanas: Kottingbrunn, Berndorf agus Bad Vöslau.

B) Is iad seo a leanas na hainmniúcháin bardas údaraithe: Baden, Enzesfeld-Lindabrunn, Leobersdorf, Münchendorf, Reisenberg, Pottendorf, Sollenau, Sooß agus Wiener Neudorf.

I gcás fíona Thermenregion i bhfoirm *Riedenwein*, féadfar ainm aon *Ried* [fíonghort aonair] atá sainithe sa dlí ag an údarás riaracháin ceantair a úsáid. Ní mór an bardas, an ceantar nó an bardas cadastrach ina bhfuil *Ried* suite a léiriú ar an bpríomhlipéad in éineacht le hainm an *Ried*.

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Faoi Acht na hOstaire um Fhíon, ní mór gach fíon ATFC a tháirgeadh sa limistéar fíonsaothrúcháin (réigiún tionscnaimh an TGFC) ina bhfuil an limistéar ATFC lonnaithe nó i limistéar fíonsaothrúcháin comharsanach. Dá bhrí sin, baineann an Ostair úsáid go ginearálta as an maolú dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (AE) 2019/33. Maidir le táirgeadh fhíon ATFC Thermenregion, leagadh síos coinníollacha breise lena gceadaítear táirgeadh lasmuigh den limistéar tionscnaimh fad a thugtar fógra faoi do Choiste Réigiúnach Thermenregion agus a údaraíonn an Coiste sin é.

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Pacáistiú laistigh den limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Ní leagtar síos rialacha ginearálta maidir le buidéalú fhíonta ATFC le hAcht na hOstaire um Fhíon. Chun cáilíocht agus gnáth-shaintréithe fhíon ATFC Thermenregion a áirithiú, leagtar síos na coinníollacha seo a leanas maidir lena bhuidéalú:

Ní mór an fíon a bhuidéalú i limistéar ATFC Thermenregion. Is féidir buidéalú lasmuigh den limistéar tionscnaimh má thugtar fógra do Choiste Réigiúnach Thermenregion agus má údaraíonn an Coiste sin é.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://info.bml.gv.at/dam/jcr:61dee9ab-713f-40c7-9f7e-16ed7cd15d16/Produktspezifikation_Thermenregion.pdf